Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**10901/26**

**AVIATION 106**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 229 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2024 AR CHUR CHUN FEIDHME RIALACHÁN (CE) UIMH. 300/2008 MAIDIR LE RIALACHA COMHCHOITEANNA I RÉIMSE SLÁNDÁLA NA hEITLÍOCHTA |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 229 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 229 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.5.2026
COM(2026) 229 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2024 AR CHUR CHUN FEIDHME RIALACHÁN (CE) UIMH. 300/2008 MAIDIR LE RIALACHA COMHCHOITEANNA I RÉIMSE SLÁNDÁLA NA hEITLÍOCHTA**

# 1. RÉAMHRÁ

De réir Airteagal 16 de Rialachán (CE) Uimh. 300/2008[1], cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus na mBallstát gach bliain, á gcur ar an eolas maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin sin agus maidir lena thionchar ar shlándáil na heitlíochta a fheabhsú.

In 2024, lean ranna an Choimisiúin de chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a fógraíodh sa Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin dar teideal '*Working towards an enhanced and more resilient aviation security policy: a stocktaking* [Ag obair i dtreo beartas slándála eitlíochta feabhsaithe agus níos athléimní: athbhreithniú]'. Bhí céim cur chun feidhme na 14 ghníomhaíocht shuaitheanta a sainaithníodh sa doiciméad sin ar siúl le linn 2024, in éineacht leis na Ballstáit. Dhírigh an obair sin ar an mbonnlíne slándála eitlíochta nua agus ar bhorradh a chur faoi fhorbairt nuálaíochta i gcomhréir le Straitéis Slándála Eitlíochta an Aontais.

# 2. TEAGMHAIS BHAGARTHA AGUS AN tIONCHAS

Lean an Coimisiún, in éineacht leis na gníomhaireachtaí ábhartha, d'idirphlé leanúnach faoi na bagairtí slándála atá ag teacht chun cinn in aghaidh na hearnála eitlíochta, agus d'fhaireachán tráthrialta a dhéanamh orthu, lena n-áirítear bagairtí de chineál hibrideach, in éineacht leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara eile, chun cur leis an eolas agus leis an acmhainneacht chun na bagairtí sin a fhreagairt, agus an riosca a bhainistiú go héifeachtach.

## 2.1 Sceimhlitheoireacht agus bagairtí hibrideacha

Tá an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach fós ina mbagairt mhór don Aontas Eorpach agus dá Bhallstáit, go háirithe ó líonraí domhanda jiohádacha, agus tá leibhéal foriomlán na bagartha ard fós. Chuir imeachtaí díchobhsaitheacha inmheánacha agus seachtracha le géarú an radacaithe, chuir siad le teannas agus le deighilt shóisialta, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis leis an sceimhlitheoireacht agus leis an antoisceachas foréigneach ar fud an Aontais. Oibríonn sceimhlitheoirí thar theorainneacha, ag baint úsáid as teicneolaíochtaí agus as *modi operandi* nua. Is príomhchúis imní i gcónaí é scaipeadh na mífhaisnéise agus na bréagaisnéise ar líne agus an acmhainneacht radacaithe a bhaineann leis. I dtimpeallacht atá níos díláraithe agus níos luainí, déanann gníomhaithe sceimhlitheoireachta agus gníomhaithe antoisceacha foréigneacha atá scaipthe ó chéile ceangal le chéile agus spreagann siad a chéile ar bhealaí nach bhfuil teoranta don idé-eolaíocht ná don chleamhnacht ghrúpa.

[1] Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse slándála na heitlíochta sibhialta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2320/2002 (IO L 97, 9.4.2008, lch. 72).

Tá na coinbhleachtaí i réigiún an Mheánoirthir tar éis an bhagairt ar shlándáil inmheánach an Aontais a mhéadú agus tá acmhainneacht shuntasach ag baint leo slógadh agus radacú a dhéanamh, rud a d'fhéadfadh raon veicteoirí bagartha nua a ghníomhachtú ar fud na hEorpa. Mar gheall ar an gcoinbhleacht, cuireadh go mór leis an méid ábhair antoiscigh ar líne, lena n-áirítear bolscaireacht sceimhlitheoireachta, ábhar frith-Sheimíteach agus frith-Mhoslamach agus insintí deighilteacha.

Tá an eitlíocht shibhialta fós ina sprioc ardphróifíle, agus meastar go dtiocfaidh forbairt ar bhagairtí agus ar dhúshláin, agus is dócha go dtiocfaidh méadú ar éagsúlacht *modi operandi* ionsaithe. Tugtar aird ar leith fós ar bhagairtí cos istigh agus ar an sceimhlitheoireacht ón tír istigh. Beidh deis i gcónaí ag sceimhlitheoirí trealamh de ghrád míleata atá níos sofaisticiúla a fháil i limistéir choinbhleachta.

Cé go raibh tionchar teoranta ag an gcogadh foghach atá Cónaidhm na Rúise a chur ar an Úcráin ar bhagairt na sceimhlitheoireachta agus ar an antoisceachas foréigneach san Aontas go dtí seo, tá bagairt hibrideach méadaithe ar shlándáil inmheánach an Aontais ann mar thoradh air, trí mhéadú ar bhréagaisnéis, ar chibirionsaithe, ar iarrachtaí chun an imirce a ionstraimiú, agus ar ghníomhaíochtaí sabaitéireachta in aghaidh bonneagar criticiúil, lena n-áirítear slándáil aerlasta.

## 2.2 Teagmhais slándála aerlasta

Ag tosú i mí Iúil 2024, rinneadh sraith gníomhartha cur isteach neamhdhleathach i slabhra soláthair slán lasta/aerlasta agus poist/aerphoist san Eoraip. Baineadh úsáid as Gairis Loiscneacha Sheiftithe sna teagmhais sin. Mar gheall orthu sin, spreagadh iarrachtaí rialtais agus tionscail, ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, machnamh a dhéanamh ar leochaileachtaí agus ar réitigh le haghaidh athléimneacht fheabhsaithe. D'fhorbair an Coimisiún, i gcomhpháirt leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara tionscail, tacar beart coisctheach lena rannchuidítear le maolú a dhéanamh ar an *modus operandi* a úsáidtear agus le slabhra soláthair an aerlasta a neartú.

## 2.3 Cibearshlándáil

De réir mar a éiríonn an eitlíocht shibhialta níos idirnasctha agus níos digitithe, tá rioscaí méadaitheacha ag baint le cibearbhagairtí don tslándáil, don tsábháilteacht agus don éifeachtúlacht eitlíochta. D'fhéadfaí iarmhairtí tubaisteacha a bheith mar thoradh ar chibirionsaithe a dhíreofar ar an earnáil iompair agus d'fhéadfadh suaitheadh mór eacnamaíoch a bheith ann freisin. In 2024 tuairiscíodh níos mó ná 8 500 cibirionsaí a raibh tionchar acu ar pháirtithe leasmhara eitlíochta éagsúla ar fud an domhain. Ba iad suíomhanna gréasáin calaoiseacha, fioscaireacht agus bogearraí mailíseacha, agus ionsaithe diúltaithe seirbhíse dáilte na modhanna ab fhearr chun cibirionsaithe a

dhéanamh. Ba iad úsáideoirí aerspáis, aerfoirt, soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta agus a slabhra soláthair na príomhspriocanna[2].

Is iomaí cúis atá taobh thiar de chibirionsaithe. Cé gurb é gnóthachan airgeadais an chúis is coitianta, is í idé-eolaíocht an t-údar a ndéanann daoine eile é nó a ngníomhaíonn siad thar ceann gníomhaithe naimhdeacha Stáit.

Sa timpeallacht chasta sin, díríodh iarrachtaí ar thionscnaimh rialála atá ann cheana a chur chun feidhme go tapa agus go héifeachtach, lena n-áirithítear go ndéanfar iad a oibríochtú go hiomlán agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.

## 3. MEASÚNUITHE RIOSCA

### 3.1 Dróin

Mar a léirítear sa 'Straitéis maidir le Dróin 2.0'[3], bhí sé beartaithe ag an gCoimisiún a mheas an gá leasú a dhéanamh ar na rialacha slándála eitlíochta chun a áirithiú go méadóidh údaráis eitlíochta agus aerfoirt a n-athléimneacht agus iad ag tabhairt aghaidh ar na rioscaí a bhaineann le dróin neamh-chomhoibríocha agus neamh-údaraithe.

Rinne ranna an Choimisiúin cleachtadh measúnaithe riosca tiomnaithe, a tugadh chun críche sa chéad ráithe de 2024, maidir leis an riosca a bhaineann le haerárthaí gan foireann neamh-chomhoibríocha agus neamhúdaraithe do shaoráidí eitlíochta sibhialta agus aerfort. Cumhdaíodh go príomha i raon feidhme an chleachtaidh measúnaithe riosca an bhagairt a bhaineann le húsáid aerárthaí gan foireann chun críoch sceimhlitheoireachta. Níor breithníodh cásanna hibrideacha a raibh baint ag gníomhaithe Stáit leo.

Tugadh le fios sa toradh críochnaitheach, an tráth sin, nach raibh neamhchosaint mhór ag eitlíocht shibhialta ná ag saoráidí aerfoirt ar riosca in aghaidh ionsaithe d'aon ghnó arna ndéanamh ag sceimhlitheoirí a bhaineann úsáid as cumais aerárthaí gan foireann. Mar thoradh air sin, níor sainordaíodh leis an riosca iarmharach an gá le hathbhreithniú ar na rialacha slándála eitlíochta atá ann cheana.

### 3.2 Limistéir Choinbhleachta

Faoi Chóras Foláirimh an Aontais maidir le Limistéir Coinbhleachta, leanadh de mheasúnuithe riosca coiteanna a dhéanamh ar bhonn ráithiúil tráthrialta in 2024, faoi stiúir ghrúpa comhtháite measúnaithe riosca an Aontais um shlándáil eitlíochta, lena n-áirítear Ballstáit den Aontas, Lárionad Faisnéise agus Staide an Aontais Eorpaigh de chuid na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí agus Gníomhaireacht

---

[2] Tuarascáil EUROCONTROL/EATM-CERT 2025 maidir leis an gcibearshlándáil san eitlíocht.

[3] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, 'Straitéis maidir le Dróin 2.0 le haghaidh Éiceachóras Aerárthaí Cliste agus Inbhuanaithe gan Foireann san Eoraip', COM(2022) 652 final, an 29 Samhain 2022.

Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh. Is é is aidhm don chleachtas sin faisnéis a roinnt go tráthúil maidir leis an measúnú ar rioscaí d'eitlíocht shibhialta an Aontais a eascraíonn as limistéir coinbhleachta chun tacú le maolú riosca. I gcás práinne, socraítear cruinnithe eisceachtúla.

Thionóil an grúpa ceithre chruinniú ráithiúla in 2024 agus seacht gcruinniú phráinneacha *ad hoc*, go háirithe maidir leis an gcoinbhleacht sa Mheánoirthear agus a tionchar ar eitlíocht shibhialta an Aontais. Mar thoradh air sin, foilsíodh trí fheasachán faisnéise nua maidir le limistéir choinbhleachta, tarraingíodh siar aon fheasachán faisnéise nua maidir le limistéir choinbhleachta amháin, agus cuireadh síneadh le 11 fheasachán faisnéise nua maidir le limistéir choinbhleachta atá ann cheana[4].

Le próiseas comhtháite measúnaithe riosca slándála eitlíochta an Aontais, cuirtear an cumas measúnaithe rioscaí ar fáil agus tacaítear leis an bpróiseas cinnteoireachta (maolú riosca) le haghaidh slándáil aerlasta agus caighdeáin slándála eitlíochta.

## 4. AN CREAT REACHTACH AGUS UIRLISÍ FORLÍONTACHA

### 4.1 An Creat Reachtach

Is sprioc an-tarraingteach fós í an eitlíocht shibhialta do ghníomhaithe naimhdeacha agus ní mór bearta cosanta comhréireacha, rioscabhunaithe a chur chun feidhme chun dul i ngleic leis an mbagairt sin. Dá bhrí sin, bíonn an Coimisiún agus na Ballstáit de shíor ag coigeartú na mbeart maolaithe chun an leibhéal is airde slándála a bhaint amach agus éifeachtaí díobhálacha ar oibríochtaí á n-íoslaghdú an tráth céanna.

Leasaíodh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 i mí na Bealtaine 2024 le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1255[5]. Leis an dara ceann, tugadh isteach leasuithe chun aghaidh a thabhairt ar an staid bhagartha agus riosca atá ag teacht chun cinn agus ar fhorbairtí teicneolaíochta a rinneadh le déanaí chomh maith. Tugadh isteach leo, córas chun formheas agus formhaoirseacht a dhéanamh ar tharlóirí, córas lena gcinntítear in go leor cásanna iompar aerlasta shláin agus aerphoist shláin de mhuir agus de thír thar ceann gníomhairí rialáilte agus coinsíneoirí aitheanta. Cuireadh aerfort amháin[6] freisin leis an liosta de thríú tíortha a aithnítear mar thíortha a chuireann caighdeáin slándála i bhfeidhm atá coibhéiseach leis na bunchaighdeáin chomhchoiteanna maidir le slándáil eitlíochta. Glacadh an dara leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1998 i mí Iúil 2024 le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2108[7] lenar tugadh isteach arís teorainn toirte níos ísle go sealadach le haghaidh scagadh ar leachtanna, ar aerasóil agus ar ghlóthacha trí úsáid a bhaint as trealamh Córais Braite Pléascán le haghaidh Bagáiste Cábáin a chomhlíonann caighdeán C3,

---

4 https://www.easa.europa.eu/en/domains/air-operations/czibs
5 Chun mionsonraí a fháil, féach Iarscríbhinn 2.
6 Aerfort Svalbard i Ríocht na hIorua.
7 Chun mionsonraí a fháil, féach Iarscríbhinn 2.

agus iarraidh leis go gcuirfí feabhas ar na halgartaim bhraite a úsáideann an teicneolaíocht sin.

## 4.2 Bunachar sonraí an Aontais maidir le slándáil an tslabhra soláthair

Is é bunachar sonraí an Aontais[8] maidir le slándáil an tslabhra soláthair an t-aon uirlis dhlíthiúil amháin atá ar fáil le haghaidh comhairliúcháin nuair a ghlactar le coinsíneachtaí ó ghníomhaire rialáilte eile nó ó choinsíneoir aitheanta. Áirítear sa bhunachar sonraí céanna liosta den trealamh slándála eitlíochta formheasta ar a bhfuil an mharcáil 'Stampa AE'.

I ndeireadh 2024, bhí thart ar 37 000 taifead sa bhunachar sonraí maidir le gníomhairí rialáilte, coinsíneoirí aitheanta, soláthróirí aitheanta soláthairtí aerfoirt, bailíochtóirí neamhspleácha, aerlínte ACC3, soláthróirí rialáilte, gníomhairí rialáilte agus coinsíneoirí aitheanta tríú tíortha, trealamh slándála, aerfoirt agus úsáideoirí. Ba é 99,99 % a ráta infhaighteachta, rud a chiallaíonn go raibh sé neamh-inrochtana ar feadh níos lú ná 30 nóiméad le linn na bliana 2024.

## 4.3 Réamhfhaisnéis Lasta Réamhluchtaithe

Ní mór d'oibreoirí eacnamaíocha atá freagrach as coinsíneachtaí a thabhairt isteach i gcríoch chustaim an Aontais (mar cheann scríbe nó mar áit idirthurais) ó thríú tíortha d'aer réamhfhaisnéis lasta a chur isteach go leictreonach chuig custaim an Aontais. Déanann údaráis chustaim an chéad phointe iontrála san Aontas anailís ar na sonraí sin chun críoch slándála eitlíochta sibhialta trí úsáid a bhaint as an gcóras nua rialaithe allmhairí (CRA2).

D'fhéadfadh sé go n-éileofaí le toradh anailíse riosca na Réamhfhaisnéise Lasta Réamhluchtaithe go gcuirfí bearta maolaithe sonracha slándála eitlíochta chun feidhme, lena n-áirítear an fhéidearthacht go dtabharfaí ordú nó tarchur 'gan luchtú a dhéanamh'. Ní mór d'oibreoirí eacnamaíocha atá páirteach i slabhra soláthair isteach an Aontais na bearta sin a chur i bhfeidhm sula luchtaítear an choinsíneacht ar bord eitilte atá ag triall ar an Aontas.

In 2024 taifeadadh thart ar 141 mhilliún comhdú Réamhfhaisnéise Lasta Réamhluchtaithe. Mar thoradh orthu sin, eisíodh thart ar 1 400 iarraidh ar scagadh, ach ní raibh aon iarraidh ar 'gan luchtú a dhéanamh' ann. Bhain an chuid is mó díobh sin le mearsheoladh, agus aerlasta poist agus aerlasta ginearálta ina dhiaidh sin.

---

8 https://ksda.ec.europa.eu/

## 5. CIGIREACHTAÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE FAIREACHÁIN AR CHOMHLÍONTACHT

### 5.1 Ginearálta

Is é is aidhm do Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 cosc a chur le cur isteach neamhdhleathach ar eitlíocht shibhialta chun daoine agus earraí a chosaint. Cé go gceanglaítear leis an Rialachán sin ar na Ballstáit faireachán tráthrialta a dhéanamh ar chomhlíontacht cur chun feidhme na mbunchaighdeán coiteann maidir le slándáil eitlíochta ag na haerfoirt, ag na haeriompróirí agus ag na heintitis eile agus a áirithiú go mbraitear agus go gceartaítear cásanna de neamhchomhlíonadh go tapa, is é an ról a thugann an reachtóir don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach an cheanglais dhlíthiúil sin ag Ballstáit an Aontais/LEE[9].

Le hAirteagal 15 de Rialachán (CE) Uimh. 300/2008, ceanglaítear ar an gCoimisiún cigireachtaí a dhéanamh agus, de réir mar is iomchuí, moltaí a dhéanamh chun feabhas a chur ar an tslándáil eitlíochta. Chun an cuspóir faireacháin sin a chomhlíonadh, cumhdaítear le córas formhaoirseachta an Choimisiúin gníomhaíochtaí na mBallstát chun clár náisiúnta éifeachtach um shlándáil eitlíochta sibhialta agus clár náisiúnta éifeachtach um rialú cáilíochta ar shlándáil eitlíochta a bhunú, a choinneáil ar bun agus a chur i bhfeidhm.

Chuige sin, feidhmíonn an Coimisiún córas faireacháin dhá shraith ar chomhlíontacht, i.e. a chigireachtaí féin a chomhlánaítear leis an measúnú ar thuarascálacha bliantúla na mBallstát ar ghníomhaíochtaí náisiúnta faireacháin.

Ó bhí 2010 ann, tá an ráta comhlíontachta a shainaithnítear le linn chigireachtaí an Choimisiúin cobhsaí, ag thart ar 80 %. Mar sin féin, d’fhéadfaí feabhas a chur ar chur chun feidhme éifeachtach roinnt beart agus tá gá le hiarrachtaí leanúnacha ó pháirtithe leasmhara an tionscail, ó na húdaráis iomchuí agus ón gCoimisiún.

### 5.2 Minicíocht agus raon feidhme na gcigireachtaí

Déanann an Coimisiún cigireachtaí ar riaracháin slándála eitlíochta na mBallstát (na ‘húdaráis iomchuí’ de réir mar a shainmhínítear in Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 300/2008) agus ar aerfoirt, ar oibreoirí agus ar eintitis a chuireann caighdeáin slándála eitlíochta i bhfeidhm freisin.

Leagtar amach líon, minicíocht agus raon feidhme na gcigireachtaí sin i straitéis Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair (AS MOVE) maidir le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme chaighdeáin slándála eitlíochta an Aontais. Cuirtear san áireamh inti leibhéal na gníomhaíochta eitlíochta i ngach Ballstát, sampla

---

[9] An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch: 27 mBallstát den Aontas Eorpach, an Iorua, an Íoslainn agus an Eilvéis. Is é Údarás Faireacháin CSTE atá freagrach as cigireachtaí slándála eitlíochta a dhéanamh san Iorua agus san Íoslainn. Déanann an Coimisiún cigireachtaí slándála eitlíochta san Eilvéis bunaithe ar chomhaontú déthaobhach.

ionadaíoch ar an gcineál oibríochtaí aerfoirt, leibhéal a gcomhlíontachta maidir le cur chun feidhme na rialachán slándála eitlíochta, torthaí ó na cigireachtaí a rinne an Coimisiún roimhe seo, measúnuithe ar thuarascálacha náisiúnta bliantúla ar rialú cáilíochta, teagmhais slándála ('gníomhartha cur isteach neamhdhleathaigh'), leibhéil bhagartha agus fachtóirí agus measúnuithe eile.

Chun ráthaíochtaí leordhóthanacha a thabhairt don Choimisiún maidir le leibhéal comhlíontachta na mBallstát, úsáidtear cur chuige faireacháin ilbhliantúil. Mar sin, faightear fianaise maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 agus na reachtaíochta cur chun feidhme a ghabhann leis ag gach Ballstát de réir timthriall 2 bhliain, trí bhíthin cigireacht ar a údarás iomchuí nó cigireacht ag ceann amháin dá aerfort ar a laghad.

Ina theannta sin, faightear fianaise ar chur i bhfeidhm na mbunchaighdeán comhchoiteann maidir leis an tslándáil eitlíochta de réir timthriall 5 bliana trí 15 %, ar a laghad, d'aerfoirt uile an Aontais a thagann faoi Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 a roghnú, lena n-áirítear an t-aerfort is mó i dtéarmaí an líon paisinéirí i ngach Ballstát. Na cigireachtaí a dhéanann an Coimisiún ag aerfoirt roghnaithe, is táscaire láidir iad ar an leibhéal foriomlán comhlíontachta i ngach Ballstát.

### 5.3 Nósanna imeachta agus modheolaíocht le haghaidh cigireachtaí

Le Rialachán (AE) Uimh. 72/2010 ón gCoimisiún[10], leagtar síos na nósanna imeachta um chigireachtaí an Choimisiúin a dhéanamh i réimse na slándála eitlíochta. Áirítear leis sin, *inter alia*, forálacha maidir le cáilíocht agus cumhachtaí chigirí an Choimisiúin[11].

Forbraíodh an mhodheolaíocht a úsáidtear chun na cigireachtaí a dhéanamh i ndlúthchomhar le húdaráis slándála eitlíochta na mBallstát agus tá sí bunaithe ar chur chun feidhme éifeachtach na mbeart slándála a fhíorú.

### 5.4 Cigireachtaí a rinne an Coimisiún

Bhí foireann d'ochtar cigirí slándála eitlíochta lánaimseartha ag an gCoimisiún, agus ag tacú leis an bhfoireann sin bhí buíon de thart ar 80 iniúchóir náisiúnta a d'ainmnigh na Ballstáit agus a cháiligh chun páirt a ghlacadh i gcigireachtaí an Choimisiúin.

Trí pháirt a thabhairt d'iniúchóirí náisiúnta i gcigireachtaí an Choimisiúin, cuirtear le córas athbhreithnithe piaraí freisin agus d'fhéadfaí modheolaíochtaí agus dea-chleachtais a scaipeadh ó Bhallstát go chéile agus ar fud na dtíortha comhlachaithe[12].

---

10 Rialachán (AE) Uimh. 72/2010 ón gCoimisiún an 26 Eanáir 2010 lena leagtar síos nósanna imeachta i dtaca le cigireachtaí an Choimisiúin a dhéanamh i réimse na slándála eitlíochta (IO L 23, 27.1.2010, lch. 1).

11 Féach Airteagail 4 agus 5.

12 Féach Iarscríbhinn 1 le haghaidh achoimre ar ghníomhaíochtaí faireacháin ar chomhlíontacht uile an Choimisiúin agus Údarás Faireacháin CSTE a rinneadh in 2024.

*5.4.1 Cigireachtaí ar údaráis náisiúnta iomchuí*

Is é is aidhm do na cigireachtaí ar údaráis iomchuí a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil na huirlisí is gá ag na Ballstáit – lena n-áirítear clár náisiúnta um rialú cáilíochta, údarás dlíthiúil agus acmhainní iomchuí – chun bheith in ann reachtaíocht slándála eitlíochta an Aontais a chur chun feidhme go leormhaith.

Mar pháirt dá shéú timthriall de chigireachtaí ar na húdaráis iomchuí, rinne an Coimisiún cúig chigireacht le linn 2024. Rinne na Ballstáit ar a ndearnadh cigireacht in 2024 a gcláir náisiúnta um shlándáil eitlíochta a ailíniú le reachtaíocht an Aontais; thug siad na cumhachtaí forfheidhmiúcháin is gá dá n-údaráis iomchuí chun faireachán a dhéanamh ar cheanglais uile an Rialacháin agus na gníomhartha cur chun feidhme a ghabhann leis, agus chun iad a fhorfheidhmiú; d'áirithigh siad go raibh líon leordhóthanach iniúchóirí ar fáil chun gníomhaíochtaí faireacháin ar chomhlíontacht a dhéanamh, agus chuir siad formhór na gceanglas a bhaineann le hoiliúint slándála chun feidhme.

Mar sin féin, cuireadh i dtábhacht sna cigireachtaí an gá le hiarrachtaí breise sna réimsí seo a leanas: na cláir náisiúnta um shlándáil eitlíochta sibhialta a choinneáil cothrom le dáta i gcomhréir le hathruithe reachtacha agus na freagrachtaí maidir le cur chun feidhme na mbunchaighdeán comhchoiteann a shainiú go soiléir; ailíniú iomlán clár slándála aerfort, oibreoirí agus eintiteas le reachtaíocht an Aontais agus le cláir náisiúnta um shlándáil eitlíochta sibhialta a áirithiú agus faireachán a dhéanamh orthu; deimhniú agus athdheimhniú oibreoirí x-ghathaithe a chaighdeánú ar an leibhéal náisiúnta; oiliúint iomlán ar an gcibearshlándáil a fhorbairt; na modheolaíochta is gá don chigireacht agus na n-eilimintí atá le cur san áireamh i dtuairisciú faireacháin náisiúnta ar chomhlíontacht agus comhlíonadh ceanglas a bhaineann leis an bpróiseas tuairiscithe (e.g. tuarascálacha agus litreacha clabhsúir a chur isteach go tráthúil, etc.) a chur chun feidhme go hiomlán. Ina theannta sin, i roinnt Ballstát, níor comhlíonadh dualgais áirithe ina n-iomláine mar gheall ar leithdháileadh neamhleor cúraimí. Áiríodh orthu sin faireachán a dhéanamh ar aerfoirt, ar aeriompróirí agus ar roinnt eintiteas a bhfuil freagrachtaí slándála orthu agus ar a gcláir slándála faoi seach. Thairis sin, agus cigireachtaí á ndéanamh acu, níor chumhdaigh na húdaráis go córasach raon iomlán na mbeart slándála a bhí nasctha go díreach, nó ní dhearna siad tástálacha sna réimsí uile ba ghá. Léiríodh le fíoruithe aerfoirt ar an láthair go bhféadfaí tuilleadh feabhais a chur ar éifeachtacht na ngníomhaíochtaí faireacháin náisiúnta i ngach Ballstát a ndearnadh cigireacht orthu.

*5.4.2 Cigireachtaí tosaigh ag aerfoirt*

In 2024, rinne an Coimisiún 17 gcigireacht tosaigh ar aerfoirt a raibh sé d'aidhm acu a fhíorú an ndéanann an t-údarás iomchuí faireachán leormhaith ar chur chun feidhme éifeachtach na mbeart slándála eitlíochta agus an bhfuil siad in ann easnaimh a d'fhéadfadh a bheith ann a bhrath agus a cheartú go tapa. Ní mór aon easnamh a shainaithníonn cigirí an Choimisiúin a cheartú laistigh de thréimhse ama a leagtar síos. Roinntear na tuarascálacha cigireachta idir na Ballstáit.

Tar éis an 15ú bliain de Rialachán (CE) Uimh. 300/2008 a chur chun feidhme, léirítear na hiarrachtaí a rinne údaráis iomchuí agus an tionscal i dtorthaí na cigireachta. Cuireadh formhór na gceanglas slándála i bhfeidhm mar is ceart. Mar sin féin, cuireadh i dtábhacht sna cigireachtaí réimsí ina bhféadfaí feabhas a chur ar chur chun feidhme éifeachtach roinnt beart, mar shampla, maidir le scagadh agus rialú rochtana ar limistéir shrianta slándála, rialuithe slándála do sholáthairtí, agus maidir leis an gcibearshlándáil chomh maith.

*5.4.3 Cigireachtaí leantacha*

I gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 72/2010, déanann an Coimisiún líon teoranta cigireachtaí leantacha go tráthrialta. Déantar cigireachtaí den sórt sin a sceidealú nuair a shainaithnítear roinnt easnamh tromchúiseach le linn na cigireachta tosaigh, ach déantar iad ar bhonn randamach freisin chun a fhíorú go bhfuil na cumhachtaí is gá ag na húdaráis iomchuí chun ceartú easnamh a éileamh laistigh de thréimhsí ama a leagtar síos. In 2024, rinneadh ceithre chigireacht leantacha.

## 5.5 Measúnuithe ar thuarascálacha bliantúla na mBallstát ar rialú cáilíochta

Le pointe 18 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 300/2008, ceanglaítear ar na Ballstáit tuarascáil a chur faoi bhráid an Choimisiúin gach bliain maidir leis na bearta a glacadh chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh agus maidir le staid na slándála eitlíochta ag a n-aerfoirt.

Leis an measúnú ar na tuarascálacha sin, chomh maith lena chigireachtaí tráthrialta féin, cuirtear uirlis ar fáil don Choimisiún chun súil ghéar a choinneáil ar chur chun feidhme na mbeart náisiúnta um rialú cáilíochta. Dá réir sin, is féidir easnaimh i ngach Ballstát a bhrath agus a cheartú go tapa.

Áirítear sa mheasúnú anailís ar fhaireachán tráthrialta ar aerfoirt, ar aeriompróirí agus ar eintitis eile a bhfuil freagrachtaí slándála eitlíochta orthu, chomh maith leis an am a chaith na hiniúchóirí ar an láthair, raon feidhme agus minicíochtaí meascáin oiriúnaigh de ghníomhaíochtaí faireacháin ar chomhlíontacht, leibhéil náisiúnta chomhlíontachta, gníomhaíochtaí leantacha agus úsáid cumhachtaí forfheidhmiúcháin.

Tá cáilíocht na dtuarascálacha bliantúla agus na faisnéise a sholáthraíonn na Ballstáit seasmhach agus baineadh amach tuilleadh comhchuibhithe le linn 2024.

Cuireadh meastóireacht chuimsitheach fhoirmiúil chuig na Ballstáit, inar cuireadh i dtábhacht, nuair ba ghá, moltaí maidir leis an gcaoi a bhféadfaí feabhas a chur ar na hiarrachtaí náisiúnta nó an gcaoi a bhféadfaí iad a oiriúnú ar bhealach níos fearr.

## 5.6 Measúnuithe ar aerfoirt tríú tíortha

Déanann an Coimisiún measúnuithe i gcomhthéacs socruithe i dtaca le rialú slándála aonair idir an tAontas Eorpach agus tríú tíortha. Is é is cuspóir dó a dheimhniú go bhfuil

bearta slándála áirithe fós á gcur chun feidhme ar chaighdeán coibhéiseach le cur chun feidhme reachtaíocht slándála eitlíochta an Aontais. In 2024, rinneadh trí mheasúnú, faoi seach, sna Stáit Aontaithe, i Montainéagró agus i Singeapór.

### 5.7 Cásanna Airteagal 15 agus imeachtaí breithiúnacha

I gcás na n-easnamh a shainaithnítear i gcur chun feidhme beart slándála ag aerfort, má tá siad tromchúiseach go leor chun tionchar mór a bheith acu ar leibhéal foriomlán na slándála eitlíochta sibhialta san Aontas, gníomhachtóidh an Coimisiún Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 72/2010. Ciallaíonn sé sin go gcuirtear údaráis iomchuí na mBallstát uile ar an eolas faoin gcás, agus go gcaithfear le heitiltí a thagann ón aerfort faoi réir Airteagal 15 mar eitiltí a thagann ó thríú tír, rud a fhágann go bhfuil oibleagáid ar na haerfoirt ghlactha bearta slándála cúiteacha a chur chun feidhme i leith paisinéirí traschuir a thagann isteach agus a mbagáiste, chomh maith leis an aerárthach ar ar tháinig siad isteach. Níor tionscnaíodh cás den sórt sin in 2024.

Tá an deis ag an gCoimisiún freisin imeachtaí um shárú a thionscnamh i gcomhréir le hAirteagal 258 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, go háirithe i gcásanna nach gceartaítear easnaimh ar feadh tréimhse fhada nó go dtarlaíonn siad arís. In 2024, níor seoladh imeachtaí den sórt sin.

## 6. CRUINNITHE AGUS IMEACHTAÍ

D’eagraigh an Coimisiún an dara Comhdháil maidir leis an gCibearshlándáil Iompair lena gcumhdaítear na modhanna iompair uile an 2 Bealtaine 2024. Le linn na himeachta, rinneadh breithniú ar fhorbairtí ó bhí an chéad Chomhdháil maidir leis an gCibearshlándáil Iompair ann in 2019, agus bhí sé d’aidhm aige na bearnaí atá fós ann a shainaithint, malartú cleachtas agus smaointe a spreagadh i measc na bpobal éagsúil, chomh maith le haghaidh a thabhairt ar bhagairtí cibearshlándála atá ag teacht chun cinn agus atá roimh an earnáil iompair.

Sheol an Coimisiún an Foghrúpa um Chibearshlándáil Eitlíochta i mí Feabhra 2024, lenar tionscnaíodh sraith struchtúrtha cruinnithe iomlánacha agus seisiúin thiomnaithe tascfhórsa, ag cur leis an sainordú a leag an Mheitheal um Chibearshlándáil Eitlíochta síos. Ba é an cuspóir dó comhar a chothú idir údaráis sábháilteachta eitlíochta, slándála eitlíochta agus cibearshlándála chun ailíniú agus comhlíontacht a éascú idir an Dara Treoir NIS[13] agus rialacha a bhaineann go sonrach le heitlíocht. Rinneadh iarracht leis freisin bearnaí nó dúbláil a d’fhéadfadh a bheith ann maidir le hoibleagáidí cibearshlándála a sheachaint agus ualaí riaracháin agus oibríochtúla nach bhfuil gá leo a íoslaghdú.

---

13 Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (an Dara Treoir NIS).

D'eagraigh an Coimisiún agus Riarachán Shlándáil an Iompair de chuid na Stát Aontaithe an dara Cruinniú Mullaigh Slándála Aerlasta idir na Stáit Aontaithe agus an tAontas Eorpach i mBaile Átha Cliath, Éire, i mí na Samhna 2024. Deis a bhí san imeacht bagairtí agus rioscaí ar aerlasta a shainaithint agus straitéisí maolaithe a chur chun feidhme i dteannta a chéile.

D'eagraigh an Coimisiún cruinniú agus oiliúint bhliantúil le haghaidh cigirí náisiúnta na slándála eitlíochta i mí Dheireadh Fómhair 2024, chun aiseolas ó chigireachtaí a thabhairt do na Ballstáit, trédhearcacht a chur chun cinn agus modheolaíochtaí faireacháin ar chomhlíontacht a chomhchuibhiú.

## 7. IDIRPHLÉ IDIRNÁISIÚNTA

### 7.1 Ginearálta

Lean an Coimisiún dá rannchuidiú le slándáil eitlíochta dhomhanda trí theagmháil a dhéanamh le comhlachtaí idirnáisiúnta, amhail an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (EESI), an Chomhdháil Eorpach um Eitlíocht Shibhialta agus príomh-chomhpháirtithe trádála, agus ag obair go dlúth leis na Ballstáit chun seasaimh chomhordaithe an Aontais a áirithiú. Tionóladh idirphlé déthaobhach le tríú tíortha áirithe, amhail na Stáit Aontaithe, Ceanada, an Astráil, Singeapór agus an Ríocht Aontaithe.

### 7.2 Comhlachtaí idirnáisiúnta

Ghlac an tAontas páirt ghníomhach, i gcáil breathnóra, i gcruinniú bliantúil Phainéal Slándála Eitlíochta EESI (AVSECP/35) a tionóladh ón 22 go dtí an 26 Aibreán 2024 agus sa tríú cruinniú den Phainéal Cibearshlándála EESI (CYSECP/3), a tionóladh ón 3 go dtí an 7 Meitheamh 2024.

### 7.3 Tríú tíortha

I gcomhthéacs an chaidrimh slándála eitlíochta leis na Stáit Aontaithe, is é is aidhm don Ghrúpa Comhair um Shlándáil an Iompair idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe comhar a chothú i roinnt réimsí leasa fhrithpháirtigh. Áirithítear leis feidhmiú leanúnach na socruithe i dtaca le rialú slándála aonair agus aitheantas frithpháirteach chórais aerlasta agus phoist an Aontais agus na Stát Aontaithe faoi seach. Tionóladh an 33ú cruinniú den Ghrúpa Comhair um Shlándáil an Iompair idir an 10 agus an 11 Meán Fómhair 2024.

Agus Airteagal 435 den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe á chur i bhfeidhm, áirithítear le Comhar Slándála Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe comhar maidir le cúrsaí slándála eitlíochta, malartú faisnéise, dea-chleachtas a phlé agus a chomhroinnt agus socruithe comhair idir saineolaithe teicniúla a fhorbairt. Tionóladh an 4ú Cruinniú Comhair

Slándála Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe an 15 Bealtaine agus tionóladh an 5ú cruinniú an 31 Deireadh Fómhair 2024.

I gcomhréir le dlí an Aontais, leag an Coimisiún socruithe síos i dtaca le rialú slándála aonair lena n-aithnítear caighdeáin slándála a chuirtear i bhfeidhm i roinnt tríú tíortha, nó i roinnt aerfort i dtríú tíortha, mar chaighdeáin atá coibhéiseach le caighdeáin an Aontais.[14]. Leanadh den phlé maidir le rialú slándála aonair leis an tSeapáin, ach ní rabhthas in ann aon dul chun cinn a dhéanamh le rialú slándála aonair i láthair na huaire mar gheall ar na difríochtaí idir na córais a cuireadh i bhfeidhm. Níor tugadh aon socrú nua i dtaca le rialú slándála aonair i gcrích in 2024.

Maidir le fothú acmhainneachta, leanadh den tionscadal 'An tSlándáil Eitlíochta Sibhialta san Afraic, san Áise agus sa Mheánoirthear' (CASE II), arna gcistiú ag an gCoimisiún Eorpach agus buiséad EUR 8 milliún aige arna chur chun feidhme ag an gComhdháil Eorpach um Eitlíocht Shibhialta, in 2024. Áiríodh leis na gníomhaíochtaí arna gcur i gcrích ag saineolaithe slándála eitlíochta ceardlanna, seimineáir ghréasáin agus gníomhaíochtaí intíre déthaobhacha[15]. Is é is cuspóir foriomlán do thionscadal CASE II bagairt na sceimhlitheoireachta ar an eitlíocht shibhialta a chomhrac tríd an gcomhpháirtíocht le Stáit sna trí réigiún, chun a gcórais slándála eitlíochta a neartú.[16]

## 8. CONCLÚIDÍ

Le teagmhais aerlasta i mí Iúil 2024, cuireadh i dtábhacht na rioscaí tromchúiseacha atá ann don eitlíocht. D'fhéadfadh oibreoirí iompair a bheith ina spriocanna agus ina n-ionstraimí le haghaidh gníomhaithe mailíseacha. De thoradh ionstraimí dlí an Aontais atá ann cheana, feabhsaíodh an tslándáil eitlíochta, ach tá gá le modhanna chun faisnéis

---

14 Tá socruithe i dtaca le rialú slándála aonair ag an Aontas Eorpach leis na Stáit Aontaithe, le Ceanada, le Singeapór, le Montainéagró, leis an tSeirbia agus leis an Ríocht Aontaithe.

15 Sa bhliain 2024 bhí an líon agus an éagsúlacht is airde gníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích ó seoladh an Tionscadal, agus 77 ngníomhaíocht san iomlán curtha i gcrích do Stáit Chomhpháirtíochta chun tairbhe 1 117 rannpháirtí. Is méadú bliain ar bhliain 15 % é sin ar an líon iomlán gníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích in 2023 agus níos mó ná dhá oiread an lín gníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích in 2022 (35 ghníomhaíocht). Is éard a bhí sna gníomhaíochtaí sin 48 ngníomhaíocht oiliúna dhéthaobhacha, 17 ngníomhaíocht oiliúna iltaobhacha, sé ghníomhaíocht mheantóireachta, dhá cheardlann réigiúnacha, ceardlann idir-réigiúnach amháin agus cistiú trí Athbhreithniú APEX ar Shlándáil. San iomlán, cuireadh 208 ghníomhaíocht intíre agus chianda i gcrích ó bunaíodh an Tionscadal. Den mhéid iomlán sin, cuireadh 177 díobh i gcrích ar bhonn intíre chun tairbhe 83 Stát Comhpháirtíochta agus Ballstát den Chomhdháil Eorpach um Eitlíocht Shibhialta/den Aontas. Maidir le saineolas a chur in úsáid, scaoileadh 30 saineolaí ó 14 Bhallstát den Chomhdháil Eorpach um Eitlíocht Shibhialta/den Aontas, chun rannchuidiú le 19 imeacht (24 %) agus scaoileadh 32 saineolaí ó 16 údarás um eitlíocht shibhialta de chuid Stáit Chomhpháirtíochta chun rannchuidiú le gníomhaíochtaí oiliúna agus le ceardlanna. Chuir Foireann an Tionscadail fáilte freisin roimh bheirt saineolaithe ar iasacht (duine amháin ó Mharacó agus duine amháin ó Chamarún).

16 Roghnaítear na Stáit Chomhpháirtíochta bunaithe ar chritéir oibiachtúla, amhail tiomantas/cumas Stáit ar leith tairbhiú go hiomlán de na gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta a dhéanann an Tionscadal, nó easpa dúblála a d'fhéadfadh a bheith ann le tionscnaimh fothaithe acmhainneachta eile, bídís sin déthaobhach nó iltaobhach.

a mhalartú go tapa agus chun freagairt a thabhairt de réir mar is gá de dheasca leibhéil arda bhagartha.

Tá an Coimisiún ag obair i gcomhar leis na Ballstáit chun leasú a dhéanamh ar an reachtaíocht cur chun feidhme atá ann cheana i réimse na slándála eitlíochta a mhéid a bhaineann le faisnéis rúnaicmithe maidir le tarluithe slándála eitlíochta a chomhroinnt. Is éard a bheidh i gceist leis an iarracht leanúnach chun caighdeáin slándála eitlíochta a neartú an reachtaíocht slándála eitlíochta a neartú freisin chun bearta freagartha láithreacha a chumasú agus an limistéar i dtaca le rialú slándála aonair in aerfoirt an Aontais á choinneáil ar bun an tráth céanna.

Is coinníoll bunúsach é oibríochtaí eitlíochta slána san aer agus ar an talamh a áirithiú chun go n-éiríonn leis an eitlíocht tráchtála. Sa chóras rialála slándála eitlíochta is fearr tugtar nuálaíocht agus cobhsaíocht le chéile agus coinnítear an leibhéal slándála is airde ar bun i gcónaí. In 2024, lean an Coimisiún dá chuid oibre chun córas slándála eitlíochta den sórt sin a áirithiú, agus aghaidh á tabhairt aige an tráth céanna ar dhúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, agus sin á dhéanamh i ndlúthchomhar le rialtóirí agus le páirtithe leasmhara araon.